

Treoir Maidir le Seirbhís Lánaimseartha an Stáit agus Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

1.1 Éilítear in Alt 133(4)(d) den Acht um Rialála Seirbhísí Dlí 2015 (“an tAcht”) nach mór iontrálaí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, maidir le gach abhcóide cleachtach, a shonrú cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit. Iarrtar ar gach iarratasóir ar an Rolla an fhaisnéis sin a chur ar fáil.

1.2 Ní thugtar sainmhíniú san Acht um Rialála Seirbhísí Dlí ar an méid atá i gceist maidir le habhcóide cleachtach a bheith "i seirbhís lánaimseartha an Stáit". Is ábhar é seo a mbeidh an LSRA ag tuairisciú air in am trátha faoi fhorálacha an athbhreithnithe mar a leagtar amach in alt 6 den Acht. Beidh an LSRA ag moladh go sainmhíneofar an téarma trí fhoráil reachtach.

1.3 Mar threoir, áfach, tá sainmhíniú ar 'sheirbhís lánaimseartha an Stáit' d'aturnaetha sna hAchtanna Aturnaetha (alt 54 den Acht Aturnaetha 1954 (arna ionadú le halt 62 den Acht Aturnaetha (Leasú) 1994).

1.4 Leagtar amach san fhoráil sin:

‘Measfar aturnae a bheith ina aturnae i seirbhís lánaimseartha an Stáit má bhíonn agus an fhad a bheas sé faoi cheangal a chuid ama go léir a thabhairt do sheirbhís an Stáit mar aturnae agus luach saothair á fháil aige go hiomlán i leith na seirbhíse sin as airgead a sholáthraíos an tOireachtas’.

1.5 Eiseoidh an LSRA tuilleadh treorach ar an ábhar i ndiaidh foráil reachtach a bheith déanta ar 'sheirbhís lánaimseartha an Stáit' maidir le habhcóidí cleachtacha.

1.6 Ba chóir do gach duine a bhfuil air/uirthi cur isteach ar iontráil ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha amhlaidh a dhéanamh.

1.7 I ndiaidh don fhoráil reachtach thuasluaite a bheith curtha i gcrích, déanfar teagmháil le gach abhcóide a bhfuil a (h)ainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha cheana féin lena dheimhniú go bhfuil a (h)ainmníocht 'i seirbhís lánaimseartha an Stáit' nó eile cruinn agus de réir an dlí.

LSRA Deireadh Fómhair 2018